# An Garda Síochána

**Script don Fheachtas um Choireacht Fuatha**

Tá go leor cineálacha de Choireacht Fuatha ann, cruthaíonn sí eagla, roinneann sí pobail agus d'fhéadfadh éifeachtaí tubaisteacha fadtéarmacha bheith aici. Aithníonn an Garda Síochána tionchar na Coireachta Fuatha ar dhaoine aonair, ar theaghlaigh agus ar phobail. Admhaímid go bhfuil tearcthuairisciú suntasach ann maidir le Coireacht Fuatha agus is rud é sin ar mhaith linn a athrú.

Más rud é go bhfaca tú Coir Fuatha, nó go raibh tú i d'íospartach de Choir Fuath, inis don Gharda Síochána é le do thoil. Is féidir leat é seo a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh nó cuairt a thabhairt ar do stáisiún Garda áitiúil nó trí úsáid a bhaint as an tsaoráid nua um Thuairisciú ar Choireacht Fuatha Ar Líne ar www.garda.ie

Is fadhb shochaíoch í Coireacht Fuath a bhfuil freagairt ón bpobal uile de dhíth uirthi. Má oibríonn íospartaigh, finnéithe agus na Gardaí le chéile, is féidir linn teachtaireacht shoiléir a sheoladh nach nglacfar le Coireacht Fuatha agus nach bhfuil aon áit aici inár bpobail.

Le chéile is féidir linn ciúnas na Coireachta Fuatha a bhriseadh, dul i ngleic leo siúd atá freagrach agus cuidiú le daoine a choinneáil slán.

Is ceart bunúsach é an comhionannas - chun dínit agus meas do chách a chinntiú. Tá Coireacht Fuatha ina dhúshlán don chomhionannas trí ionsaí a dhéanamh ar ár bhféiniúlacht agus trí phobail a scaradh óna gcéile.

Is minic go mbíonn eagla ar íospartaigh na Coireachta Fuatha nó go mbraitheann siad ciontach nó gur d'fhulaing siad tráma toisc gur díríodh orthu mar gheall ar cé hiad féin.

Téann tionchar na Coireachta Fuatha níos faide ná ar dhaoine aonair agus teaghlaigh. Aithníonn pobail iomlána Coireacht Fuatha mar riosca do mhothúcháin sábháilteachta aonair agus chomhchoiteanna.

Tá sé deacair do dhaoine áirithe Coir Fuatha a thuairisciú. Ba mhaith leis an nGarda Síochána é sin a dhéanamh níos éasca trí thuairisciú ar líne a úsáid nó labhairt le Garda Éagsúlachta tiomnaithe.

Trí thuairisc a thabhairt don Gharda Síochána, tá tú ag tabhairt na faisnéise dóibh a dteastaíonn uathu chun an méid a tharla a thuiscint agus chun freagra ceart a thabhairt di. Níl tú ag gabháil ort féin ráiteas i scríbhinn a dhéanamh nó dul os comhair na cúirte mura mian leat é sin a dhéanamh.

Trí Choireacht Fuatha a Thuairisciú bíonn daoine cuntasach ó thaobh an dlí de agus cuidíonn sé le teagmhais sa todhchaí a chosc.

Tá an Garda Síochána ar fáil chun cabhrú le duine ar bith a ndeachaigh claontacht nó naimhdeas daoine eile i gcion air nó uirthi, cibé acu mar Choireacht Fuatha nó Eachtra Fuatha.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar Choireacht Fuatha tabhair cuairt ar www.garda.ie nó téigh i dteagmháil le hAonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú ar diversity@garda.ie

Trí Choireacht Fuath a Thuairisciú ligeann tú di bheith feiceálach. (Cách) Cuirimis stop le fuath le chéile.